Foras na Gaeilge

Sonraíocht faoin Phearsa

Teideal an Phoist:	Príomhthéarmeolaí, An Coiste Téarmaíochta Clárbhainisteoir le Foras na Gaeilge.

Freagrach do:	Stiúrthóir Seirbhísí Foilsitheoireachta, Téarmeolaíochta agus Foclóireachta

Próifíl an Phoist:	Freagrach as clár oibre an Choiste Téarmaíochta a stiúradh agus a bhainistiú thar ceann Fhoras na Gaeilge i gcomhar le Coiste Stiúrtha an Choiste Téarmaíochta agus le rannpháirtithe leasmhara eile, agus tacaíocht a sholáthar don Stiúrthóir de réir mar is gá.

<u>Critéir Riachtanacha</u>

- Céim onóracha sa Ghaeilge nó a hiontamhail ó institiúid oideachais aitheanta tríú leibhéal.
- Ardchaighdeán Gaeilge, idir scríofa agus labhartha, lena n-áirítear ardtuiscint ar ghramadach na Nua-Ghaeilge agus ar an gCaighdeán Oifigiúil agus ar chanúintí na Gaeilge.
- Ardtuiscint ar earnáil agus ar chleachtas comhaimseartha na téarmeolaíochta agus saineolas ar acmhainní téarmaíochta reatha na Gaeilge.
- Taithí ghairmiúil ar thionscadal dúshlánach i réimse na téarmaíochta / an aistriúcháin / na foclóireachta a fhorbairt, a bhainistiú agus a chur i gcrích go rathúil ó thaobh sceidil agus spriocanna.
- Taithí ar bhuiséad a riar go héifeachtach.
- Taithí ar chórais ríomhaireachta agus ar bhogearraí ábhartha.
- Ardscileanna cumarsáide idir labhartha agus scríofa i nGaeilge agus i mBéarla araon.
- Ardscileanna idirphearsanta agus taithí ar chaidreamh éifeachtach a dhéanamh le daoine.
- Taithí ar fhoireann a stiúradh.
- Ceadúnas tiomána reatha.

Foras na Gaeilge

Sonraíocht faoin Phearsa

Critéir Inmhianaithe

- Iarchéim sa Ghaeilge ó institiúid aitheanta tríú leibhéil.
- Cáilíocht sa téarmaíocht, san fhoclóireacht nó san aistriúchán.
- Taithí phraiticiúil ar pháipéir straitéiseacha agus tuairiscí a ullmhú
- Eolas oibre ar theangacha seachas an Ghaeilge agus an Béarla

Tréithe Pearsanta

- Féinspreagtha, díograiseach.
- Mianach i leith obair foirne agus obair ghrúpa.
- Scileanna éifeachtacha ceannaireachta.
- Cumas ar chaidreamh éifeachtach a dhéanamh le páirtithe leasmhara.